



<b>Preasráiteas</b>  Press Release  03.04.2023	<b>Tuilleadh eolais:</b> <a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a> <b>097-29023</b> <a href="http://www.gaeilgeiorrais.ie">www.gaeilgeiorrais.ie</a>	*English language summary available on page 3.
--	--	--

## Súil Siar ar Sheachtain na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais 2023

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a ghlac páirt in ár gcuid imeachtaí le linn Sheachtain na Gaeilge 2023 (1 – 17 Márta 2023). Gabhann muid buíochas freisin le chuile dhuine agus le chuile dhream a thug tacaíocht dúinn chun imeachtaí taitneamhacha ar ardchaighdeán agus lán-Ghaeilge a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta seo. Reáchtáil Gaeilge Iorrais raon leathan imeachtaí trí mheán na Gaeilge le linn SnaG 2023 agus mar sprioc acu borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais agus muid ag súil le todhchaí dhearfach a chinntiú don Ghaeilge sa Ghaeltacht seo. I measc na n-imeachtaí a cuireadh ar fáil, bhí, mar shampla;

- **‘Ceol & Spraoi do Thuistí agus Leanaí’** chomh maith le **Seó Puipéad** do theaghlach i gcomhar le Leabharlann Bhéal an Mhuirthead. Tá breis agus 20 teaghlach cláraithe le Gaeilge Iorrais don ghrúpa seo agus tagann thart ar 10 dteaghlach chuig ‘Ceol & Spraoi’ go rialta. D’éagraigh Leabharlann Bhéal an Mhuirthead Seó Puipéad go speisialta do Sheachtain na Gaeilge agus bhí slua mór i láthair (breis agus 100 duine). Bhain tuistí agus páistí araon an-sult as an Seó a bhí bunaithe ar an scéal iomráiteach ‘Na Trí Mhuicín.’
- **Ceardlann na n-Óg** – Bíonn an-éileamh agus an-tairbhe lenár gcuid imeachtaí lán-Ghaeilge. D’fhreastail 50 páiste bunscoile Gaeltachta ar Cheardlann na n-Óg faoinár stiúir in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Ghlac na páistí páirt i gceardlanna sa gceol traidisiúnta, amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht agus damhsa. Bhí an-spraoi ag na páistí agus an t-ádh linn go raibh múinteoirí den scoth le fáil don lá agus iad thar a bheith sásta a gcuid saibhris a roinnt linn. Buíochas le foireann Áras Inis Gluaire as a gcuid tacaíochta, Ealaín na Gaeltachta as an gclár amhránaíochta sna

scoileanna Gaeltachta. Buíochas le Kate ón Leabharlann as na leabhair sna mála féiríní agus na huirlisí ceoil a chur ar fáil agus le muintir Uí Mhongáin as na dlúthdhioscaí d’amhráin na Gaeltachta seo.

- **Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire** – Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Choláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) le comórtas díospóireachta úrnua a chur ar an bhfód mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, i gcuimhne ar iarphríomhoide na scoile sin. Bhí lán an tí againn don ócáid seo (c. 160 dalta bunscoile, iarbhunscoile agus an pobal), tráth ar phléigh daltaí iarbhunscoile dhá rúin a bhaineann le ceist na Gaeilge sa Ghaeltacht seo; ‘Tá an óige tábhachtach i dtodhchaí na Gaeltachta seo’ agus ‘Is fiú an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.’
- **Clár sa Charr** i gcomhar le Midwest Radio. Tá mír nua raidió curtha ar bun ag Midwest Radio le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais agus ó pháistí bunscoile na Gaeltachta seo. Bíonn comhrá Gaeilge bunaithe ar théama faoi leith idir ‘tuismitheoir’ agus páiste chuile Dé hAoine ar Midwest Radio mar chuid den ‘Breakfast Show’ ag c.8.15r.n.
- **Oíche Shóisialta** sa chlubtheach i nGleann na Muaidhe i gcomhar le lucht eagraithe na ranganna Gaeilge. Bhí 26 duine i láthair an oíche sin in ainneoin na heaspa leictreachais! Bhain pobal na háite agus na foghlaimeoirí Gaeilge súp as na cístí blasta agus as an gcomhrá Gaeilge lena chéile.
- Lean na ranganna sa **Damhsa Céilí & Rince Seit** ar aghaidh in Áras Inis Gluaire le linn SnaG. Bhí deis ag pobal na háite cúpla steip a chleachtadh agus damhsaí nua a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge. Freastalaíonn ar a laghad dhá sheit iomlán ar an ócáid seo go rialta.
- **Blitz Gaeltacht Iorrais** – Tá cumann nua iománaíochta agus camógaíochta ar bun in Iorras agus thug Gaeilge Iorrais tacaíocht don Blitz Cúilí a d’eagraigh siad d’aos óg an cheantair. Bhí breis agus 50 páiste i láthair. Chuir Gaeilge Iorrais roinnt duaiseanna ar fáil chun tacú le húsaid na Gaeilge Ghaeilge ar an lá.

Léiriú é seo go léir ar an gcomhoibriú idir Gaeilge Iorrais, eagraíochtaí áitiúla agus pobal na háite seo faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht. Breis eolais @GaeilgeIorrais.